



An Caomhnóir

Nuachtlitr Fhondúireacht an Bhlascaoid 2015

Uimh. 35

€5.00

Maolsheachlan (Leachlain) Ó Catháin
a cailleadh 8 Lúnasa 2014 (féach lch 20)



© Lorcán Ó Cuinneagáin: féach lch 19



Ceiliúradh 2014



Blasket Ranch



Cáit Ní Chatháin



An Spailpín sa Leader



Louis de Paor ar Mhaidhc

Focal ón gCathaoirleach



Ó 1985, bliain a bunaithe, tá an Fhondúireacht ag treabhadh léi ag iarraidh a haidhmeanna a thabhairt chun críche go foirfe.

Táimid thar a bheith sásta go bhfuil uasghrádú déanta ar chuid den taispeántas san Ionad agus duine breise fostaithe le bliain anuas, agus is iontach go raibh na teoraithe san Oileán i gcathreamh an tsamhraidh. Mar sin féin tá géarghá le hionad buan leis na háiseanna cuí a bheith ar fáil dóibh. Is dea-scéala a chlos go bhfuil an tIonad agus an tOileán ar cheann de dhá áit i gCiaraí atá aitheanta ag Fáilte Éireann mar Bhuaiçphointe Fionnachtana (*Signature Discovery Point*). Tá géarghá i gcónaí le infheistíocht cheart a dhéanamh sna céanna agus sealúchais a cheannach ar an mBlascaod de réir mar a thagann siad ar an margadh. Ar ndóigh, is í an sprioc atá againn go léir ná Stádas Oidhreachta Domhanda a

bhaint amach.

Uair amháin eile thréaslaímíd ó chroí le Coiste an Cheiliúirtha – comhfhiontar idir sinn féin agus Ionad an Bhlascaoid. Bhí ard-deireadh seachtaine againn i mbliana ag cíoradh Saol agus Saothar an údair Pádraig Ua Maoileoin agus níl amhras ná gur bhain an slua mór a d'fhreastail air idir thairbhe agus thaitneamh as. Cheana féin, táthar ag prapáil do Cheiliúradh 2015.

I rith na bliana d'imigh duine dár mbunaitheoirí agus iar-Chathaoirleach, Maolsheachlain (Leachlain) Ó Catháin, ar shlí na firinn. Solas Síoraí na bhfhlaithreas dó. Ár gcomhbhrón ó chroí dá bhean-chéile, Áine, agus dá chlann go léir

Ba dheas linn an deis a thógaint, freisin, chun buíochas a ghabháil leis an Dr. Micheál Ó Cearna agus a chlann agus a chairde as a bhflaithiúlacht leanúnach ag cur Sparánacht an Bhlascaoid ar fáil dár n-ógánaigh. Buíochas leo siúd go léir a chabhraíonn leis an gCeiliúradh nó leis an gCaomhnóir in aon tslí. Buíochas ó chroí freisin le Micheál de Mórdha, Bainisteoir an Ionaid agus lena fhoireann as ucht a ndúthrachta agus a gcomhoibrithe.

“Go mbeimid go léir beo ag an am seo arís”.

— Pádraig Firtéar



Do thug an tAire Stáit sa Roinn Airgeadais le freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí, an tUas. Simon Harris, T.D., cuairt ar Ionad An Bhlascaoid ar an 6 Deireadh Fómhair.

In éineacht leis do bhí an Teachta Dála do Chiaraí Theas, Brendan Griffin, F.G. Bhí an tIonad ar cheann de na chéad áiteanna sa tír, atá á riar ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ar thug an tAire Stáit cuairt orthu.

Pléadh cúrsaí an Bhlascaoid agus cad is féidir a dhéanamh chun an t-oileán sin a chur chun cinn sa todhchaí. Bhronn Micheál de Mórdha cóip den leabhar *An Blascaod Mór – Portráid Pictiúr* ar an Aire Stáit.

An Caomhnóir © 2015

Foilsithe ag Fondúireacht an Bhlascaoid le tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí.

Oifig Chláraithe

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

In eagar ag

Bernie Firtéar agus Máire Uí Ainín.
Clóchur 7 Dearadh: Inné, Dún Chaoin.
Clóadóir: Kingdom Printers, Trá Lí.

Pictiúr

Buíochas le hIonad an Bhlascaoid Mhoir agus le Derbhla Hutch as pictiúr a bhaineann le Céiliúradh an Bhlascaoid; le Lorcán Ó Cuinneagáin as pictiúr an clúdaigh tosaigh; agus le Maurice Galway, Féile Scannánaíochta an Daingin.

SAN EAGRÁN SEO

Ceiliúradh an Bhlascaoid 2014	3
Latest News from teh Old Country	6
Guth na nOileánach	7
Cáit Ní Chatháin	
agus Pádraig Ua Maoileoin	7
Luoís de Paor – Do Mhíke Ceárna	8
Basket Island Ranch	9
Imeachtaí san Ionad 2014	12
Beauty Deas an Oileáin	14
Tréigean an Oileáin	17
Cnuasach Mhaurice Quinn	18
Maolsheachlain Ó Catháin	20
Lonliest Boy in the World	21
Baill na Fondúireachta	22

Coiste Fhondúireacht an Bhlascaoid

Pádraig Firtéar (Cathaoirleach)
Lorcán Ó Cinnéide (Rúnaí)
Gearóid Ó Brosnacháin (Cisteoir)
Micheál Ó Cinnéide, Bernie Firtéar,
Máire Uí Ainín, Edna Uí Chinnéide,
Gearóid Ó Cinnéide, Máirín Ní Bhroin
Frances Uí Chinnéide
Máirín Ní Laoithe-Uí Shé

Coiste Chéiliúradh an Bhlascaoid

Máirín Ní Laoithe-Uí Shé (Cathaoirleach)
Máire Uí Ainín (Rúnaí)
Frances Uí Chinnéide (Cisteoir)
Máirín Ní Bhroin, Boscó Ó Conchúir,
Bernie Firtéar, Micheál de Mórdha,
Máire Uí Shíthigh (OCD).



CEILIÚRADH AN BHLASCAOID 2014

“PEAIDÍ 'N DÚNA”

Comóradh ar shaol agus shaothar Phádraig Ua Maoileoin

Deineadh comóradh eolach agus an-taitneamhach ar an údar Pádraig Ua Maoileoin, garmhac Thomáis Uí Chríomhthainn, An tOileánach, ag an 16ú Ceiliúradh, a tionóladh in Ionad an Bhlascaoid ó oíche Dé hAoine, 26ú Meán Fómhair go dtí Dé Domhnaigh, 28ú Meán Fómhair, 2014.

Fear go raibh aithne phearsanta nó ar a laghad aithne súl air, ag cuid mhaith den lucht éisteachta ab ea Peaidí, a fuair bás i 2002. Sin an fáth b'fhéidir go ndeirim gur bhain an lucht freastail líonmhar taitneamh thar na bearta as an deireadh seachtaine pearsanta seo ar chuma éigin.



'Sé **Liam P. Ó Murchú**, Léachtóir Sinsearach i Roinn Na Gaeilge in Ollscoil Chorcaí, a d'oscail an ócáid go hoifigiúil. As Cathair Chorcaigh ó dhúchas é Liam, ach é pósta le Marion Ní Chíobháin, ón Ghráig, Baile an Fheirtéaraigh, mar sin dlúthbhaint aige le fada le Corca Dhuibhne. D'inis Liam dúinn conas mar a bhuail sé féin agus a bhean chéile Marion le Peaidí an chéad uair i gClub an Chonartha i mBaile Átha Cliath, agus conas a lean agus a dh'fhás an aithne sin air ina dhiaidh, thuas sa chathair agus i dTigh Uí Chatháin ar an mBuailtín ag baile anseo. Measann Liam gur duine de mhór-scríobhnóirí na Gaeilge é Peaidí agus gur ceart *Na hAird Ó Thuaidh* a chur i gcló arís.



Lean seisiún siamsaíochta ansan faoi stiúir **Bhrendáin Uí Bheaglaioich** a bhí mar Fhear an Tí. Ní hamháin gur sheinn Breandán, Tommy Ó Conchúir agus a chairde go hoilte is go bríomhar ach chuir **Boscó Ó Conchúir** mír drámatúil le ceol is rince ar stáitse, bunaithe ar leabhar Pheaidí, *Bride Bhán*. Cad é an taitneamh a bhain an lucht féachana as! Agus bhí a thuilleadh le teacht!

Rud suntasach i mbliana ná gur éirigh linn seanchairde Pheaidí “**NA SHANDIES**” ó Chlub an Chonartha i mBaile Átha Cliath a mhealladh anseo. Ghlac siad go

fonnmhar leis an gcuireadh a thug coiste an Cheiliúrtha dóibh freastal ar ócáid chomórtha a seanchomrádaí. Chanadar, le cabhair ón slua, na hamhráin ab ansa le Peaidí, “An Cocónut” ina measc, agus scaip siad leabhráin de 38 amhrán comónta aistrithe go Gaeilge! Ba dhiail iad.





Maidin Dé Sathairn, thug **Seosamh Ó Murchú**, Eagarthóir Sinsearach ag An Gúm, caint fíor-spéisiúil ar Pheaidí, an Foclóirí agus Aistriitheoir. Shamhlófá go bhféadfadh an chaint seo a bheith trom acadúil, ach i dteannta an chruinn-eolais a fuairamar ó Sheosamh, thug sé faoi phearsantacht agus greann Pheaidí a léiriú. D'éirigh thar barr leis, rud a bhí le brath ó ghéire an lucht éisteachta.



Díreach ina dhiaidh, thug **Oisín Uibh Eachach**, múinteoir óg misniúil ó Bhaile Átha Cliath, léacht ar an bhfealsúnacht i dtí leabhair Pheaidí, *Bríde Bhán*, *Na hAird Ó Thuaidh* agus *Fonn a Níos Fiach*. Bhunaigh Oisín an léacht breá seo ar an leabhar a scríobh sé féin *Vir ex Navi* ina dteaspeánann sé conas mar a chuaigh fealsúnacht Karl Jung i bhfeidhim ar Pheaidí, agus conas mar a léirigh Peaidí é go cruthaitheach sna leabhair. Tá an-chreidiúint ag dul d'Oisín.

Tar éis briseadh tae/caifé is faoi theideal "Fear Ildánach" a thug painéal de sheanchomrádaithe Pheaidí, **Éamonn Ó hÓgáin**, **Seán Ó Cíobhán**, **Liam P. Ó Murchú** faoi shaol agus saothar Pheaidí a chíoradh. Is cinnte gur chuireamar

aithne níos fearr ar Pheaidí an Dúna, mar fhear cuileachtan gan dabht, ach mar fhear dáiríre, príobháideach leis.

Bhí trí leabhar le seoladh tar éis lóin, rud a dhein **Gabriel Fitzmaurice**, an file agus an t-údar ó Chiarraí Thuaidh. Is iad na leabhair a bhí i gceist ná *Ceiliúradh 16 (Na Blascaodaí agus na hEalaíona)*; *Ceiliúradh 17 (Tiarnaí Talún agus Tionóntaí)* curtha in eagar ag Mícheál de Mórdha, agus *1.000 + Seanfhocal* le Breandán Mac Gearailt. Is mór an fhoinsé eolais, staidéir agus tagartha na leabhair seo gach bliain ón gCeiliúradh, gur deacair luach a chur uirthi.



Aithnítear Pádraig Ua Maoileoin go forleathan mar Pheaidí an Dúna, toisc gur rugadh é, mar a dúirt sé, "Ar Cheann an Dúna i nDún Chaoin agus faoi scáth na mBlascaod". Duine eile a saolaíodh cúpla céad slat ó thigh Pheaidí, i gCom Dhíneoil blianta ina dhiaidh ná **Pádraig**

Firtéar agus, go hábharthach, é siúd a threoraigh suas go daichead duine ar shiúlóid an-spéisiúil i gcomharsanacht Pheaidí. Is as an áit seo a fuair Peaidí ionsparáid agus ábhar dá chuid leabhar. Táthar ag súil go gcuirfí taighde Phádraig Firtéar i geló sa todhchaí.





Dhuibhne, ná **Cathal Ó Ghairbhia**, is **Caoimhghin Ó Beaglaioich**. Cabhróidh an t-airgead leo ina gcuid staidéir san Ollscoil agus chun scéal an Bhlascoid a scaipeadh amach anseo.

Is deas oiriúnach mar a chuir “Ceist Agam Ort?” clabhsúr le himeachtaí na deireadh seachtaine. Bhí cáil riamh ar Pheaidí focail Ghaolainne a chfóradh is a mheas is b’shin mar abhí ag an bpainéal de shár-chainteoirí, **Dónal Mac Sithigh**, **Máire Feiritéar**, agus **Breandán Mac Gearailt** faoi chathaoirleacht chumasach an chraoltóra aitheanta, **Micheal Ó Sé**. D’éirigh ar fheabhas leis an seisiún beo bríomhar seo mar ar éirigh leis an deireadh seachtaine ar fad.

Buíochas mór do gach éinne a bhí rannpháirteach ann agus ard-mholadh arís don choiste eagraithe atá ag féachaint ar aghaidh agus ag prapáil cheana féin do Cheiliúradh 2015!



Ar ais ar an mBuailtín oíche Dé Sathairn i dTigh Chéin, seoladh an leabhar *The Loneliest Boy in the World* ag Gearóid Cheaist Ó Catháin, agus ina dhiaidh na Shandies i mbun ceoil arís do Chlub na Féile, le duine cuileachtan eile, Fear a’ Tí, Neóilí Ó Maoileoin. Bhí oíche bhreá cheoil is amhrán go h-am codlata.

Chríochnaigh Ceiliúradh an Bhlascoid 2014 maidín Dé Domhnaigh le Bronnadh Sparánacht an Bhlascoid agus le seisiún saibhris cainte. Don cheathrú bliain as a chéile, bail ó Dhia air, bhronn an **Dr Oinigh Maidhc Ó Cearna**, ón mBlascoid agus ó Springfield Mass., dhá sparánacht i geuimhne a mhná chéile Maureen. An bheirt ámharach i mbliana, iar-scoláirí ó Phobalscoil Chorca



Latest News From The Old Country

Breandán Feiritéar



An tAth. Peter Yorke

Sagart a rugadh ar an mBalla Fada i gcathair na Gaillimhe, Peter Yorke, a chuir páipéar seachtainiúil *The Leader* ar bun i San Francisco i 1902 le friotháil nach raibh á dhéanamh ar imiricigh ó Éirinn agus ar Chaitlicigh eile ar an dtaobh thiar de Mheiriceá. Bhí sé féin ina eagarthóir ar an bpáipéar sna blianta tosaigh ach chuir an cliarlathas as a phost é de dheasca a thuairimí láidire ar chúinsí saothair, oll-scoilaíochta, oideachais agus ar an gceideamh féin. Mar sin féin bhí a thionchar le brath ar an bpáipéar le linn a shaoil. Ní heol dom cathain a chuir Séamas Ó Muircheartaigh (1877-1927) ó Ard na Caithne, ar a dtugtaí An Spailpín Fánach, aithne ar an Athair Yorke. Bhí Séamas i San Francisco ó 1902 go háirithe gur chuir an crith talún agus an tine mhór as é i 1906. Ní heol dúinn anois ar raibh aithne ag Séamas ar Peter Yorke sna blianta sin nó ar scrígh sé aon bhlúire ar an *Leader*. Níl teacht agam ar *Leader* na mblianta sin. Faoi 1913 bhí Séamas agus a bhean, Neillí Ní Chúise, agus muirear anois orthu, thar nais ag maireachtaint i San Francisco i bparóiste Naomh Peadair sa Mission District mar a raibh Peter Yorke faoin dtráth seo ina shagart paróiste. Ó 1913 amach bhíodh altanna rialta ag Séamas Ó Muircheartaigh sa *Leader*. Fiú an tseachtain a fuair sé bás, seachtain na Féile Pádraig 1927, bhí alt leis An Spailpín sa *Leader*. Bhí a threoraí agus a chara le fada, Peter Yorke, marbh le dhá bhliain ag an dtaca sin.

Ní dócha go gcloisfinnse choíche aon trácht thar *The Leader* seo murach Séamas Ó Muircheartaigh. Nuair a bhíos ag iarraidh teacht ar Shéamas is sa *Leader* is mó a bhí a thásca agus a rian.

Le déannaí bronnadh cóipeanna de bhlianta den bpáipéar orm agus im' nead féin is féidir liom a bheith á leamh agus á infhiúchadh ar mo shuaimhneas. Bhíodh go leor faoi chúrsaí na cléire agus an Chreidimh Chaitlicigh ann. Bhíodh cur síos ann ar chúrsaí móra na hÉireann agus scéalta móra an lae ón *Titanic* go dtí cúrsaí cogaidh. Comh maith leis na scéalta móra seo bhíodh cnuasach de scéalta áitiúla ó chontaetha na hÉireann go dtugtaí *The Latest News From The Old Country* air. Glacaim leis gurb amhlaidh a fhaighidís cóipeanna de pháipéir áitiúla na hÉireann sa phost gach seachtain agus roghnaidís scéalta logánta astu. Bhíodh na páipéir seo tamall sa phost agus scaithití ag taisteal. Ar eagrán den bpáipéar ar an 19ú Feabhra 1910, tá trácht sa leathnach *The Latest News From The Old Country* ar scéal a bhaineann leis an mBlascaod agus leis an mbá púdhrach a thárlaigh ar an Trá Bhán ar an 13ú Lúnasa na bliana roimhe sin – 1909, nuair a bádh Eibhlín Nic Niocail agus Dómhnull Ó Criomhthain.

'Sé brí an scéil seo ná go raibh sé socráithe ag iontaobhaithe Fhondúireacht Carnegie go dtabharfaí aitheantas agus tabhartas do Dhómhnull Ó Criomhthain a

thug uaidh a bheatha ag iarraidh cailíní a bhí dá mbádhdh a thárrtháil agus do Pheats Tom Ó Ceárna as a chrógacht san eachtra chéanna. Bhí sé beartaithe ag na hiontaobhaithe liúntas airgid de chúig scillinge sa tseachtain ar feadh bliana a bhronnadh ar athair D h ó m h n a i l l 'Criomhthain – b'shin é dár ndóigh Tomás. An *tOileánach* – de dheasca báite a mhic agus é bheith ró-chríonna anois chun iascaigh é féin. Déanfaí athbheartú i ndeireadh na bliana ar an gcás seo agus ar an liúntas. Bhí sé beartaithe bronnadh de chúig phunt a dhéanamh ar Pheats Tom Ó Ceárna.

Léigh imiricigh ó Éirinn thiar amuigh i Meiriceá an scéal sin sa *Leader* i lár mí na Féile Bríde 1910.



An Spailpín,
Séamas Ó Muircheartaigh.





Kit Fitzgerald agus Enda Uí Chinnéide ar cuairt ar Niamh Ní Chriomhthain, samhradh 2014.

Guth na nOileánach

Ag deireadh samhraidh 2014 thug Kit Fitzgerald, Assistant Professor New Media Area of Study, Concordia College, New York, cuairt ar Chorca Dhuibhne agus fonn uirthi bualadh, go speisialta, le Niamh Ní Chriomhthain, toisc gur labhair sí le máthair Niamh fiche bliain ó shin agus le cuid mhaith eile de na hOileánaigh, chomh maith le Micheál Ó Dúbhshláine (nach maireann) agus Seoirse Ó Luasa. D’fhág sí téip a dhein sí ag an am againn agus tá sé an-suimiúil – na hOileánaigh ag iarraidh a n-intinn a dhéanamh suas, an bhfágfaidís nó an bhfanfaidís.

Beidh an téip á coimeád in Ionad an Bhlascaoid amach anseo.

Cáit Ní Chatháin agus Pádraig Ua Maoileoin

Is ar an Muiríoch a rugadh is a tógadh Cáit Ní Chatháin-Uí Dhubhda, ach gur ón Oileán fúmhóir dá gaolta agus théadh sí amach ann gach Samhradh. Mar sin, nuair a phós “An Princess” ón Oileán isteach ar an mórthír, agus breis cúram uirthi ó thaobh “lá breás” agus cúrsaí feirme, chuir a máthair Cáit siar chun cabhrú léi. Agus is mar sin a bhuail sí le Pádraig Ua Maoileoin.

Cúpla bliain ina dhiaidh sin fuair Cáit post i gColáiste Íde, coláiste ullmhúcháin do bhunmhúinteoirí á rith ag Siúracha na Trócaire. Is iomaí scéal atá ina leabhar féin, *An Fhaoileán Aonarach* (Coláiste na hOllscoile Má Nuad, 2011), ag Cáit faoin dráth sin. Agus ar deireadh thug sí a haghaidh ar Mheiriceá.

Sa bhliain 1960, nuair a d’fhoilsigh Pádraig Ua Maoileoin an leabhar *Na hAird ó Thuaidh* (Sáirséal agus Dill: Baile Átha Cliath), chuir sé cóip go dtí Cáit leis an teachtaireacht seo istigh ann.

Do Cháit – i gcuimhne an tseana-shaoil fadó agus an t-aoibhneas agus an spórt a bhíodh againn le chéile, nuair a bhíomar níos óige. B’fhéidir go dtabharfaidís seo seo cuimhne beag éigin den aoibhneas agus den seana-dhraoidheacht thar n-ais chugat. Má dheineann, beidh mé sasta.

*Le dea-mhéin ón údar
Pádraig Ua Maoileoin
Baile Átha Cliath,
Nollaig 1964*

Ach blianta fada ina dhiaidh sin, agus í tagtha ós na Stáit Aontaithe, tháinig cuireadh ó Choláiste Íde d’iarscoláirí teacht go dtí cóisir agus os rud é go raibh baint ag na Cinnéidigh leis an gColáiste le blianta, bheartaíos ar dhul agus Cait a thabhairt liom. Bhí an áit lán go doras, cuid mhaith tuismitheoirí na gcaillíní a bhí ann ag an am, Béarla ag a lán acu. Labhair bean a bhí taobh le Cáit léi,



Cáit in aois 18 bliain d’aois le Pádraig.

*“And what did you do after finishing here?”
Bhí Cáit deisbhéalach riamh.
“I’ll tell you what I did. After three years I had my ‘C.A.’,
caillín aimsire, and that’s what I am since!”
B’shin Cáit duit!*

–Edna Uí Chinnéide

Do Mhike Ceárna, Blascaodach

'mo cheann is gan ann ach inead na súl'
adúirt compánach leis tréis oíche óil,

ach tá scóip ar feadh do radhairc anso:
fairsinge is fuinneoga, leámharaic

de ghrian deireadh fómhair ag teacht
is ag imeacht tríd an ngloine gan stró,

naomhóga ag seoladh thar dhrompla
na díleann anonn is síofra ag labhairt leis

i bhfriotal ainglí ón raidió ar an gclabhar;
tá teastas oidhreachta ar an bhfalla

sínithe ag an aire gnóthaí eachtracha
a thugann deoir le súil seabhaic

a shantaíonn tír chúng is cosán caol
mar a shiúlann siad, duine i ndiaidh duine

cois faille: scáil gach fir, mná is linbh
ag triall ar oileán bán nár thréig iad

Louis de Paor
Springfield, MA
Samhain 2013



For Mike Ceárna, Blasketman

'my head with nothing in it only the eye
sockets', his buddy said after a night

out, but there's scope as far you can see
in this place, all space and windows,

october light a laverock coming and going
as he pleases through the panes,

naomhógs cresting the swollen waves
and a ghostgirl whispering in angel-

speak from the radio on the dresser;
on the wall, the heritage cert signed

by the minister for foreign affairs
draws a tear to the eye of a hawk

who longs for straitened land and narrow paths
where they walk single file along a cliff,

the shadow of every man, woman, and child
heading to the whited island that never left them

Louis de Paor
Springfield, MA
November 2013

An Dr Mike Ó Ceárna ar cuairt ar Scoil Naomh Eirc



Bhuail an Dochtúir Mícheál Ó Ceárna ón mBlascaod Mór agus Springfield, isteach go Scoil Naomh Eirc, Baile an Mhóraigh chun cuairt a thabhairt ar a ghaolta beaga agus a chairde. Beth Ní Bhambaire, gar iníon a nia, Seán Ó Ceárna; Seán Ó Laoithe agus a dheatháir Breandán, gar chlann Niamh Chriomhtain Uí Laoithe.



Ray Stagles

1971 was the third year in succession that Joan and I camped for three weeks on the Island, leaving England the day after my school term finished in mid-July. Each year there was some further sign of the quiet decay of the village, but 'our' house, the Dáil, at the top of the main road, was kept in reasonable repair. We were glad to share it with the nesting swallows, and to store our tinned food in boxes on the old iron bedstead, and the rest in sacks hung from the cross beams to shield it from the nibbling shrews. I whitewashed the walls inside and out each year and kept the place looking fresh and cheerful. We slept comfortably in our sturdy ridge tent at the top of the field some ten yards from the house front door, and entertained guests to coffee on the grass terrace by the well on fine days, or round the peat fire inside the house. There were a few drips in the south-west corner during heavy rain, and draughts under the door in windy weather, but with warm clothing and good food all this was tolerable – part of the interesting difference between this holiday home and our centrally-heated house back in Berkshire.

We had already come to the view that it would be in the best long-term interests of the Island for it to become an Irish National Park, and had written to the Taoiseach, Jack Lynch, to say so. The courteous reply we received, agreed with our proposal, but regretted that there was no money available at the moment to implement it. We were

hardly surprised, and not too bothered! As things stood we could reasonably hope to continue to visit the Island each school summer holiday and quietly enjoy its extraordinary beauty and spaciousness, for as long as we had health and strength to do so.

It was on the very last day of our 1971 stay on the Island that all that was abruptly challenged: Friday, August 6 (anniversary of the dropping of the atom bomb in Hiroshima 1945). In the morning I cut turf by Eoin Dunleavy's old patch at the top of the town hill, and stacked it ready for use the following year. After lunch Joan and I collected driftwood off the Gravel Strand, and over a pound of mushrooms from the headland fields. At about 4.30 we noticed dark threatening clouds to the northwest and made for home. The ferry was in; it had come to collect the campers who had been packed ready to leave since the morning. There were two new people prowling around the government houses, one a well-built middle-aged man. Thinking they might be looking for shelter for the night I shouted a recommendation of the end house, as 'the best!' 'Yeah, I know, I own it!'

Taylor Collings came across and introduced himself. He guessed we were the English couple who came to the Island each year. We waved to his wife Pat and invited them to call in for coffee later. They did so, and Taylor told us his story. He had come over from the States to Belfast to try and trace his Irish ancestors. One afternoon they had gone to the cinema and seen 'Ryan's Daughter'. He was overwhelmed by the brief background

shots of the Blasket Islands, and had come straight down to Kerry to see them for himself. One afternoon visit had been enough to inspire a vision of the Blasket Island Ranch. He had already bought four of the five government houses from old Islanders, and intended over the next few months to do them up simply, establish a garbage pit, build a septic tank, pipe water from the hill, and stop people further damaging the village houses. He intended to improve sheep farming, had already bought pasturage shares and intended to 'corral' sheep and dip them annually. He would employ local people to work for him, planned to live on the Island for six months of each year and would perhaps buy a house on the mainland in which to pass the winter. He had spent a week in Dublin checking on titles to all the Island houses, government regulations about the place, etc., but right now was just back from Holland! The energy of the man!

Pat, his wife, a gentle, quiet person – especially when Taylor was around – told us they had lived in Mexico, the West Indies and Canada, and had thought of touring Europe along its canals. By the end of the evening Taylor was offering us much improved accommodation at his Inn for next summer. We demurred, pointing to our long attachment to the Dail.

The next morning I rose early. At 6.20 Taylor waved to me as he strode down to the harbour. Joan and I left at mid-day with our old friends Sean Keane, Pat Dunleavy and young Tomas Keane. The topic of conversation was, of course,

Ní bheith ár leithéid arís ann..... (Tomás Ó Críonbháin)

Full Accommodation to 12 persons. See Angling, Hunting, 1E-4E Charter Boats.	SWIMMING HIKING ANTIQUITIES BIRD WATCHING	SEA FARMING Lobster, Atlantic Crayfish, Crabs, Shellfish	LAND FARMING Blackface Scottish Sheep Great Blasket Rabbits Organic Food Crops
---	--	---	---

Taylor Collings and his plans for the Island.

We next saw Taylor eleven months later, on Monday, July 17 1972, a fine hot mid-summer day. Once again Sean Keane and his quiet crew, Willie Moore and Mike Lyne, rowed us out of Dunquin Harbour in their curragh. Our load included not only our usual three-week supplies from England, but also gifts of a dozen new laid eggs from Sean's wife **Bride**, each wrapped separately in newspaper, and two pints of milk for bread making poured into our large thermos. As we approached the Island Taylor whizzed past us in his fine, new, broad white speedboat, yelling joyously.

Later in the day, when we called on him at his 'Inn' (the three southern most government houses), it was clear that he had made realities of many of his dreams, and even gone further. All three units of the Inn were completely re-roofed, had had sound doors and windows installed, and had been simply but tastefully painted inside and out, and furnished by Pat Collings. Between the café and the guest house Taylor had had erected in stone a neat *Fir* and *Mná*, each with flush toilet, running disinfected blue water, and a shower unit with hot and cold running water, the heat being provided by Kosingas cylinder. A petrol generator was installed outside the café which powered a huge deep-freeze in the kitchen. The café itself was very lofty. Taylor had had the flooring removed that had originally made it a two-storey house, and had suspended high above the fire-place the pretty parasol that had floated down the cliff in the opening shots of Ryan's Daughter. He had also secured from the film set the bar counter that Leo McKern had continuously wiped as the publican-father of the heroine. In the empty window-frame of the un-repaired shell of the house next door hung a massive iron bell, cast in 1860, a relic from some convent or other, to do service as a long range dinner gong. Above the fireplace in the lounge was a large wooden aeroplane propeller, salvaged from a Sopwith Camel. (We were told that Taylor had served in the American Army Air Force in World War II). In addition to all this Taylor was raising young pheasants in compounds made of chicken wire, in a field not far from the Inn.

His garbage pit, sadly, was no more than the twelve-foot deep Glen Mor ditch that runs alongside the guest houses, for

years the home of rabbits and nettles and wild flowers.

He had several young men working for him - running his speed boat, operating his motorised wheelbarrow (which saved the labour of humping stores up from the slip), and one even riding up and down the village on a motorbike to carry messages to and fro for his master, who had a loud hailer which he used to shout to any yacht that looked as if it were going to anchor off the White Strand. And, as he had told us the year before, he was on walkie-talkie contact with Sean Pats Tom, his agent on the mainland.

He had already introduced some of his own sheep on to the Island, who mingled with the ragged remnants of the flocks of the old Islanders, but he had not yet got around to establishing his corral and sheep dip. However, altogether he had, within a matter of months, made decisive changes to the Island village.

The Ranch and Inn were advertised on a two-sided green news sheet headed

Blasket Island Ranch

Situated on the Serene
Enchantingly Beautiful

Pollution-Free Great Blasket Island
Europe's closest Inn to America.

It seemed to be directed chiefly to potential American visitors. It opens with a brief account of the 'Location' and 'Description' of the Island.

At the foot of this first page there is Tomás O'Críomhthain's most famous line '*Ní bheidh ár leithéidí arís ann*' in the old Celtic script and a list of the Island's and

Inn's attractions: Full Accommodation - Organic Food Crops.

On the back of the sheet we are told '*The rooms are done similar to the way they once were when the Island was previously inhabited*', and that '*American ranch-style breakfast will be served, as will our own Island grown lamb, beef, rabbit and organically-grown vegetables*'. Then under 'Activities' it says '*The historically minded will have plenty of old ruins to look at. For the more actively inclined, there is opportunity (strictly optional of course) to help with the skinning of sheep and rabbits, curing their skins, lifting lobster pots, and performing various farm type duties which some people from 'citified' environments might find interesting and even fun.*' A concluding paragraph headed 'Restrictions' inform us '*Due to the uneven terrain, steep hills and sheer cliffs of the island, the danger of falling precludes our taking the risk of having children under the age of 15.*'

I have no idea when or how widely this leaflet was distributed, or what else Taylor did to encourage people to come to stay on the Island that year, but in the three weeks we were there, at the height of the season, there seemed to be very few guests at the Inn. One reason, without doubt, was that his charge for bed and breakfast was twice as much as was current on the mainland. Taylor had brought with him his own American ideas of what should constitute the attractions of staying on the Great Blasket Island and had very vigorously given them practical expression. In doing so he had provided work for a number of local



people, and welcome cash to yet more people for the ruins of their old Island houses. He told me he had spent £40,000 on it all in the space of a year.

But he had failed to appreciate a number of points. For example, that by trying to exclude children under 15 he would alienate all Irish families; and that many people who came to camp quietly on the Island would resent his motor-bike and petrol generator; and that his ambition to 'run' the Island would soon lead to powerful opposition from local people and local councils. I found that a typed notice had been posted at the head of the slip from 'The Blasket Island Residents Association,' President: Taylor Collings, Secretary, Pat Collings, instructing all visitors on how they should conduct themselves during their stay on the Island. This would hardly help to make him popular!

Joan and I settled down to our normal pattern of life. We again dug ourselves a latrine behind our house and erected a hessian screen round it. We made a small pit in which we buried used and flattened tin cans. We burnt our other rubbish on our peat fire; baked our own bread in our three-legged cast-iron pot, and cooked fish and crabs given us by Island men and fellow campers. During the day we walked around the Island, talked and wrote. From time to time we passed the odd word with Taylor and Pat, called in at the café once or twice, but mostly went our own way, as we were wont to do, like everyone else who stayed over on the Island.

It was not until the end of our three week holiday that it came home to us how much it had upset Taylor that we hadn't made daily use of his fine new toilets. We were delayed in leaving the Island, and suspected that Taylor had deliberately made things difficult for us. In my last conversation with him he told me that he would make sure that we would not be able to use the Dail the next summer. He was going to buy it! The forebodings that Joan had had about the man from the very beginning proved amply justified.

What we could not have foreseen was that one short summer season of 1972 was the beginning and the end of the Blasket Island Ranch.

Joan and I next stayed at the Island together two years later, in 1974. Taylor Collings was by then offering exotic holidays in a castle in Spain, having the previous summer successfully conducted



Taylor Collings as he appeared in the *Irish Independent* at a press conference in Wynn's Hotel, Dublin, on March 30, 1987, when he offered the Island to the Nation for £50,000.

Pic: Michael Mac Sweeney (Irish Independent)

canal boat trips on the Rhine.

The Island that year was very quiet when we arrived; in fact it was deserted. No noise of petrol generator, or motorbike or loudhailer. Just the sough of the sea. The Inn was silent. The petrol generator was rusted beyond redemption; and so was the motorised wheelbarrow. Behind the building there was a great litter of bottles, wooden stakes, rolls of meshed wire fencing, bales of hay, barbed wire, big plastic containers full of diesel oil, and broken scraps of wire cages that had been used for raising pheasants.

Although the front door to the café was locked the back door was swinging on its hinges. Inside another scene of extraordinary confusion met our eyes. On the bar counter, and behind it, many bottles and books (including a new copy at \$7.85, of T.H. Whites 'The once and future King'), Blasket Ranch printed cards, playing cards and cans. On the floor a scatter of magazines, 78" gramophone records, and an old hand-wound gramophone, and great coils of black piping, yellow Kosingas cylinders and planks of wood. On a table beyond all this was the Visitors Book. I found my own entry made exactly two years before, and STEIGLES hand-printed against my undecipherable signature. There was only one entry for 1973, made

on 2 Feb! Then for the current year 1974, starting on June 21 there was Sister somebody-or-other, and many more other Sisters, all dutifully and neatly entered, just as if Taylor Collings had invited them in! Had all these 'religious', I wondered, also picked their way over the coils of black piping, to record their visits?

In the kitchen was the large chest freezer, completely rusted; also three rusted cookers and a jumble of crockery, cans of food, mouse-nibbled packs of lard and a split sack of flour. Upstairs there were two good single mattresses across an equally good double mattress; neatly folded flowered bed linen, and a broken window. I thought to myself that it needed to be salvaged before it was all ruined by damp and mice. Fortunately, it was!

Over the next twenty or so years, once the guest house had been made secure, and tidied up, a succession of young couples, firstly English, then continental, then Irish, ran the guest house, and its café, very successfully indeed. Their position as guesthouse, café managers was validated by Peter Callery, the Dingle solicitor who had acted for Taylor Collings in his purchases of Island properties.

Taylor Collings himself never again visited the Island.

Imeachtaí san Ionad le Linn na Bliana 2014

Is iad foireann Ionad an Bhlascaoid a d'eagraigh na hócáidí, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

Cuirtear áiseanna an Ionaid ar fáil saor in aisce d'eagrais áitiúla pobail a eagraíonn imeachtaí cultúrtha nó oideachais. Más suim leat ócáid a reachtáil san Ionad i 2015, tá fáilte romhat dul i dteagmháil linn ag blascaod@opw.ie.

11/02/2014 Imeachtaí Lá 'le Gobnait, arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin.

20/02/2014: Ceiliúradh 75 Bliain Bhailiúchán Béaloideas na Scol (An Dr. Billy Mag Fhloinn agus An Dr. Aoife Granville); Ceol agus Ceoltóirí Chiarraí i Chicago (Seán Cleland agus Niamh Ní Charra) arna eagrú ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne i gcomhar le Scoil Cheoil an Earraigh.



Laura Dem le Gradam Fhéile Scannán an Daingin

14/03/2014: Oíche in ómós do Laura Dern, arna eagrú ag Maurice Galway, Féile Scannán an Daingin.

02/05/2014: Imeachtaí Féile na Bealtaine: Seó 'Futa Fata' do Leanaí, seoladh taispeántais le Patsy Farr agus ceolchoirm 'Ómós' – Mossie Ó Scannláin, Cian agus Micheál Ó Móráin le Máire Breathnach agus cairde.



Patsy Farr ag seoladh a taispeántais.

24/05/2014: Seoladh taispeántais 'Ón Chonair go dtí an Clasach' le Cathal Póirtéir.

19-2/06/14: Cúrsa Gaeltachta Choláiste Phádraig, Durlas Éile, arna eagrú ag Laoise Ní Cheallaigh.

01/07/2014: Cúrsa Gaeltachta Chumann Bunmhúinteoirí Éireann, arna eagrú ag an gcaobh áitiúil.

11/08/2014: Cúrsa Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, arna eagrú ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

13/08/2014: Ceolchoirm ar mhaithe leis an bparóiste eaglasta, arna eagrú ag lucht a Pharóiste.



Liam Ó Néill a sheol 'Ón Chonair go dtí an Clasach' le Cathal agus Rose Póirtéir.

15/08/2014: Oscailt taispeántas ealaíne bunaithe ar Naomhóga le Liam Holden.

19/08/2014: Ceolchoirm agus seoladh dlúthdhiosca 'Béilín Meala' le Eibhlín Ní Bhéaglaoi agus Orna Loughnane.

23/08/2014: Oíche in ómós do Muiris Ó Cuinn agus bronnadh chartlann fuaime Mhuiris ar Ionad an Bhlascaoid, arna eagrú ag Beiríní Ní Chuinn.



Clodagh O'Mara agus Liam Holden le Danny Mac a' tSithigh a sheol taispeántas na Naomhóg le Dáithí de Mórdha, Breandán Ó Muircheartaigh agus a bhean, Trish.

26/09/2014: Ceiliúradh an Bhlascaoid – Peaidí 'n Dúna, arna eagrú ag Ionad an Bhlascaoid, Fondúireacht an Bhlascaoid agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne (féach lch 3).

06/10/2014: Léacht 'Deich mBliana do Reachtáocht Teanga: Súil Siar, Súil Chun Cinn' le Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga. Arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin.

15/10/2014: Fáiltiú do Thionól Dochtúirí Leighis ó Londain, arna eagrú ag Christy Mac Gearailt.



Máire Ní Bheaglaoi-Uí Shé agus Jack Doyle le Niall agus Eoin Ó Beaglaoi ag ócáid Maurice Quinn.

21/10/2014: Cruinniú Eolais 'Saoire Chiarraí', arna eagrú ag Ionad an Bhlascaoid, Comhairle Co. Chiarraí, Údarás na Gaeltachta, Corca Dhuibhne ag Caint agus Comharchumann Turasóireachta Chorca Dhuibhne.

25/11/2014: Léacht 'Ireland's Generous Nature' leis An Dr Peter Wyse Jackson.

01/12/2014: Oíche do iomaitheoirí an Oireachtais, arna eagrú ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne.



Aoibhinn beatha aon scoláire a ghníós staidéar in Ionad an Bhlascaoid! Laoise Ní Cheallaigh, ó Choláiste Phádraig, Dúrlas, (4ú duine sa lár, chun tosaigh) leis an ngrúpa mac léinn ón gColáiste sin a bhí sí ag teagasc san Ionad ar feadh coicise i samhradh breá 2014.

Beauty Deas an Oileáin

Máirín Uí Shé

I mBailiúchán Béaloideas na Scol 1937-1938 ó Scoil Naomh Breannán, Baile na bhFinniúrach, thána trasna ar leagan ana dheas do “Beauty Deas an Oileáin”. Dob é Tadhg Ó Caomháin an príomhoide ag an am. Deir an scéalaí gurb é Mícheál Ó Catháin duine don gcriú a hathair críonna. ’Sí Nuala Ní Bheaglaí mar sin a fuair an leagan seo óna máthair Máire (Ní Chatháin) Uí Bheaglaí, de réir na cáipéise seo.

Bhí Tadhg Ó Caomháin, Siobhán Ní Mhaoineacháin agus Breannán Ó Beaglaí ag múineadh sa scoil an bhliain sin.

Nia ab ea Tadhg Ó Caomháin do Mholl Ní Chaomháin Uí Chatháin – mac a dearthár. Gar mhac do Mholl ab ea Breannán Ó Beaglaí agus do bhí gaol ag Siobhán Ní Mhaoineacháin le Seán Ó Maoinacháin a tháinig slán sábhálta ón dtragóid farraige sa chuas, Cuas Naomh Breannán, i 1899 nuair a bádh Mícheál Ó Catháin.

Seo mar a tharla:

Bhí John Kavanagh agus a dheirfiúr Máire, Moll mar ab fhearr aithne uirthi, ag múineadh sa Bhlascaod. Bhí go leor des Na Caomhánaig ina múinteoirí, beannacht Dé leo. “Na Máistrí” a thugtaí orthu sa bhaile i mBaile na bhFinniúrach. Bhíodar ag múineadh i gceanntar Lios Póil chomh maith agus trácht orthu i gcónaí ann. Bhí Edward Ó Caomháin ag múineadh ar feadh tréimhse i Scoil Bhaile Uí Shé. Ba istigh sa Bhlascaod ach go háirithe a thit Mícheál Ó Catháin i ngrá le Moll Ní Chaomháin. Tar éis tréimhse, fuair Moll post ina scoil féin i mBaile na bhFinniúrach agus d’aistrigh sí amach, ní nach ionadh. Deir an seanfhocal, “ní théann grá thar sáile” ach, sa chás seo, chuaigh. Lean Mícheál Ó Catháin a ghrá geal thar sáile agus d’iarr sé uirthi é a phósadh agus dhein. Phósadar agus chuireadar fúthu i mBaile na bhFinniúrach agus thógadar a gcúigear clainne. Má sea, thug Mícheál traidisiún an Oileáin leis idir cheol, amhráin agus scéalta. Seo an leagan a fuair a ghar iníon, Nuala Ní Bheaglaí nó Nuala Mholl mar a ghlaoití uirthi (glaioite i

Seo xile a bi san oileán saib sunn do Seán Ó Dumnstéibe agus do den sí an r-sinán do na naomóg do buaid rás sa Léary fionnraige sa suas lé iúig bhána ceag is saicad ann. Ceu ón oileán a bi san n-naomóg. Seo ród: Mícheál Ó Catháin sí an n-stair críonna agus Pádraig Ó Catháin, agus Peats gwinín agus Seán Ó Dumnstéibe.

Seo é :- I
A zualabair se cráic sa Beauty Deas an Oileáin,
Do cáiney sí cúgan do cúnca ó Baile an Caoláin,
Do cáiney sí, ché lé ceu nait ceas naomraig,
Agus beannsa an ché rpa lé ceu nait ceas
cáiney sí an rás.

II
Do cáiney na bhucaig cúganne i n-uaiccar
cár Man
Do beannsa ceu sues agus ród sud do píocad
do rpa sí
Níche cunnas sa caibéal ród i zualabair
kara na cráige
Do rósanail lé buzle na múicad a bi ag
pluicad na bráige

III
Do ó-ucnigasa cúgan mo Beauty ag deanam
orm ón sí
Bhíodar ag rósar do zleice i zcom-cáicac
lé na dá lán
Níche cunnas mo síul com ceu ná do
kfaizidís an lé

ndiaidh a máthar críonna, Moll), óna máthair Máire Ní Chatháin Uí Bheaglaof, ar "Beauty Deas an Oileáin".

Scríodh an t-amhrán seo ar naomhóg an Oileáin agus a criú, Mícheál Ó Catháin, Pádraig Ó Catháin, Peats Guithín agus Seán Ó Duinnshléibhé, a bhuaidh an rás ag Ráiseanna Cheanntrá sa bhliain 1880.

Nóta faoi na múinteoirí

Ar na rollaí i Mí Meán Fhómhair 1937 bhí 71 Buachaill agus 61 Cailín, iomlán 132.

Bhíodh an bóthar dubh le daltaí scoile maidin agus tráthnóna, a dúirt Cáit Ní Shúilleabháin Uí Dhonnachú ó Bhaile Reo liom.

Beauty Deas an Oileáin

leagan Mháire Ní Chatháin

de réir mar atá sé breachta síos (*sic.*), ar dheis, ag a hiníon, Nuala Ní Bheaglaof.

1

Ar gualabhair-se trácht ar Bheauty Deas an Oileáin,

Do tháinig sí chughainn go cúmtha ó Bhaile 'n Chaisleáin,

Do tharraing sí cliú lé criú mhaith theas ar an dtráig,

Agus beirimse an clú gur lé criú mhaith iseadh tharraing sí an rás.

2

Do tháinig na Brutaigh chugainne i n-aistear thar Mám,

Do dheineadar criú suas agus iad súd do phiochadh as gach áit,

Núair chuireadh sa tsiúbhal iad i geúrtaí fada na dtrágha,

Ba chosamhail lé Bugle na múchadh a bhí ag fliuchaidh na brágaid.

3

Do dh'aitnígeasa chugham mo Bheauty ag déanamh orm ó'n áth,

Bhíodar ag iomar go gleóite i gcomhtharrac lé na dá láimh,

Níor chuireas mo shúil dom criú ná go bhfaighidís an lá,

Mar do bhí fear ins a n-óinsigh ag cúladh agus a chuid eile ag sáthadh.

Mar do bhí fear ins a n-óinsigh ag
cúladh agus a chuid eile ag sáthadh.

II

Ní se lof na gáidna do denead rad
súid do ceannail

No ges na n-oileáin suas scoi cúid
ag bus an t-ommaláig

Le se farréigi ceastine ní ceastad
na laicín i snán

Agus nár beagad é a ceastad go
mbuadhadóir oca súd an rás

III

Ó afáidde míom-se an Beauty so iad
ins an síe

Cuipio mé i n-úil ven naúcaig go
nalancaid mé é

Mar do subalócaid si súibhal lé colú
a ceannfead ó piteac

Agus mar bíde se a naúcaid mé
a ceú ceastad si goad

IV

Do raicis se no cúrsa go Dúncainn
camall, bair lé.

Ní raicis an cionnuidé sí ag góinnuidé
ag ceastad na bpaice

Do cáinluigeas is do scannluigeas se
innes go ceastad si an rúneal

Agus ceastad an rónas cá roze an
bicaic san oileáin

V

Do beirim-se na cliú anois do Beauty deas
an oileáin

Do raicainig si súid é se ceúis agus ba
míod se i ó-fáigad

Agus ní ceúine ins an rónas se ceastad
i n-ólad níos feara

4
Ní ar log na géadhna do deineadh iad
súd do traenáil,
Ná 'ges na n-oileáin ruadh atá thúaidh ag
bhun Immalágha,
Ach ar fairrigí tréadhna ná feadfadh na
lachain i shnámh,
Agus nár bh'eagail é a dtuairim go
mhuadhfaidís ortha súd an rás.

5
Ó dhfágadar chugham-sa an Beauty so
chur ins an aér,
Cuirfidh mé i n-úil den ndúthaigh go
ndéanfadh mé é.
Mar do dubalóchad sí siúbhal lé colúr a
sgeinnfheadh ó piléar,
Agus mar bharr ar a ndúbhairt mé a criú
dtagadh sí saor.

6
Do rachas ar mo chúrsa go Dúnchaoín
tamall do'n lá,
Ní rabhas am chomhnuidhe ach ag
gcómhnuidhe ag seasamh na bpáirt
Do támhluigheas is do scannruigheas ar
amhras go ragaidh sí am mhúineál
Agus d'aimhneóin an domhan tá rogha
an bhfear san oileán.

7
Do bheirim-se na clú anois do Beauty
Deas an Oileáin,
Do tharraing sí siúd é ar dtúis agus ba
mithid di é dh'fhághail,
Agus níl aoinne ins an domhan atá
bodhar á moladh níos feárr,
Mar níor cuireadh a rogha ar a bpoill ó
deineadh an Áirc.

8
Dá méid atá ráidhte agam níl sásamh ar
m-aighe fós,
Go dtí go gceothfaidh siad láimh liom á
rádh gur b'shin athchuinghe
gheóbhadh,
Nuair a thiocfaidh an bás agus gan
cáirde agamsa níos mó,
Go dtúbharfhaidh siad mo chnámha léo
thar saíle marbh nó beó.

9
A h-Artney an ghrínn guidhim duit go
minic sa ló,
Gura fada go raghaidh do ghéaga geala
faoi an bhfód,
Dá ngeóbhfa chun mo thighe, gheóbhfa
im, bainne, agus feóil,
Agus lé caitheamh taréis bídh, gheóbhfa
fion dearg ar bórd.

Mar níor cuireadh a rogha ar a bpoill ó
deineadh an Áirc

I

Dá méid atá ráidhte agam níl sásamh ar
m-aighe fós

Go dtí go gceothfaidh siad láimh liom á
rádh gur b'shin athchuinghe gheóbhadh

Nuair a thiocfaidh an bás agus gan cáirde

agamsa níos mó

Go dtúbharfhaidh siad mo chnámha léo
thar saíle marbh nó beó

I

A h-Artney an ghrínn guidhim duit go
minic sa ló,

Gura fada go raghaidh do ghéaga geala
faoi an bhfód

Dá ngeóbhfa chun mo thighe gheóbhfa
im, bainne agus feóil,

Agus lé caitheamh taréis bídh gheóbhfa
fion dearg ar bórd.

:- Fuair mé an eagal so ó :-

Máire Ní Láirín,

Daire an t-Áirde,

Daire na nGall,

Dairnean.

Tréigean an Oileáin

Gach bliain a déanam é, an tOileán a thréigean,
gach bliain ag deireadh an tsamhraidh,
más féidir samhradh a ghlaoch ar aimsir mhí Lúnasa na laethanta seo.

Tréigim é, á fhágaint don uair dheireanach arís, díreach mar a d'fhágas
don uair dheireanach é ag deireadh na ndeich samhradh roimhe seo,
le croí bog agus súil fhliuch, le spiorad ard agus íseal ag an am céanna.

Brónach san Oileán nuair a chasaim soir don sprioc uair,
fiú ag Ceann Dubh nó ag Cró nó ag Dún,
brónach leis an bhfhios nach thiar a bhéas arís an bhliain chéanna seo.


Agus ag breathnú siar ar an Oileán ó chúl an bháid,
ag sú isteach a áilleacht 's a dhraíocht,
ag dúnadh amach na fírinne, ó chroí agus ó aigne,
ag bhfuilim á fhágaint arís, ag tréigean an Oileáin féin agus ag tréigean mo bhaile oileánach leis.

Ag caladh na míntíre, mar bhean Lott –
m'aghaidh dírithe os mo chomhair amach, ar nós capaill le púicín,
cinneadh déanta gan chasadh, gan breathnú siar,
mo dhroim go daingean le m'Oileán.

Ach ag an deireadh, go hiomlán ar bharr chosáin ghéar chaladh na míntíre,
mo ghnó déanta, trealamh eagraithe,
ceadaím dom féin stopadh, casadh, seasamh go dlúth agus féachaint,
ag glacadh leis anois nach bhfuilim san Oileán, go bhfuilim scartha uaithe arís.

An tOileán tréigthe agam, an corda imleacáin spioradálta laghdaithe;
ar nós leanbh mic tar éis breithe, an ceangal fisiciúil gearrtha,
ach an ceann croíúil, meabhrach, beo agus ag dul i neart i gcónaí.

Agus casaim i dtreo Bhleá Cliath, an tOileán tréigthe agam arís,
go sealadach a ghuím,
cuid den Oileán tógtha liom agus cuid díomsa fágtha leis,
chun bheith athbhailithe le chéile arís, le cúnamh Dé,
an chéad turas eile, más amhlaidh a bhíonn.



Oileán Uaigneach,
Duine Uaigneach.



Cnuasach Maurice Quinn bronnta ar Chartlann Ionad an Bhlascaoid.

Bhronn Peig Uí Chuinn, baintreach Mhuiris, cnuasach ina bhfuil taifid ó Raidió na Gaeltachta agus foinsí eile, de cheol, amhráin agus chaint Mhuiris, a bhí bailithe ag a infón Beirní, ar chartlann Ionad An Bhlascaoid.



Seo mar a labhair Berní ag an ócáid san Ionad ar 23 Lúnasa 2014:

Bhí aithne mhaith in Iarthar Duibhneach ar Mhaurice Quinn nó “An Cuinneach” mar ab fhéarr aithne go háitiúil air. I bparóiste an Daingin a tháinig Maurice ar an saol an bhliain chéanna agus a bunaíodh an saorstát – 1922. Duine de Chuinnigh Dhún Síon ab ea é. Ráinig go mbuaileadh a mháthair breoite agus é ina naonán beag, agus socraíodh é chur ar féarach go dtí a uncail John O’Donnell i gCorraghráig agus gan é ach naoi mí d’aois. Ní móide go raibh sé i gceist riamh go bhfanadh sé i gCorraghráig an chuid eile dá shaol, ach b’shin é díreach a thit amach. Thug sé foth-gheá soir ar Dhún Síon agus é ina gharsún beag, ach níor fhan aon éileamh aige ar a bhaile dúchais agus luigh go dílis le muintir na Gráige agus le muintir Pharóiste Mórdhach.

Is ansan a músclaíodh a dhúil sa cheol go deimhin. Bhí Iarthar Duibhneach lán le ceoltóirí agus le amhránaithe agus le steipeadóirithe cumasacha ag an am. Thug “Santáí” orgán béil dtí Maurice Nollaig amháin agus é ana óg agus ní fada go raibh cúpla port múinte aige do fhéin ar sin. Faoin veidhlín a thug sé ansan. Veidhlín

go deimhin a Aintín ó Mheiriceá chuige. Ní dhein sé aon lámh ar an veidhlín ar feadh tamaill, toisc ná raibh sí i dtiúin, ach bhí ana cheoltóir in Imeall Átha, Micheál Ó Súilleabháin, a thairg chuige lá amháin í agus chuir i dtiúin dó í. Abhaile leis agus thug sé an chéad oíche sin suas go maidin geal d’iarr an port a bhí seinnte ag fear Imeall Átha dó a chur ar an veidhlín. Deireadh sé féin go bhfan sé sa chistin feadh na hoíche agus nár ghéill don gcodladh go raibh an port aige ar a thoil. Nuair a d’éirigh a sheana athair, Mick Pheig, aníos ar maidin sé dúirt sé lena bhean, Meáig Johnson, “An mbraithis aon ní ar siúd aréir? Tá Maurice béatálta – bhí sé ina mhaidin gheal sara mbain sé amach an leabaidh d’iarr port a chur ar an veidhlín!” Ba chuma le Maurice bheith cuimilt an chodlata as na súile an lá san – bhí an beart déanta aige ar an veidhlín agus bhí sé ar a chomhairle fhéin as san amach agus é ag imeacht ó phort go port. Ní fada ina dhiaidh sin gut tháinig bosca ceoil ó Mheiriceá agus ní raibh aon stop leis ansan...

Bhí dúil thar na beartaibh sa cheol aige. N’fhéadfadh sé na poirt a d’fhoghlaim tapaídh a dhóthain. Bhí fota ceart air chuchú. Fuair sé scata port ó John O’Donnell na Feothanaí. Ghaibheadh sé an bóthar soir chuige lena cheol agus bhíodh sé ag foghlaim uaidh. Ard amhránaí ab ea Donnelly chomh maith. Fuair sé ana chuid ceoil ó Sheán Coughlan, Arda Mór – *Bróga John Mhicil* agus *Cac na Circe ar an Adharta* ina measc. Bhí Seán Coughlan tar éis seal a chaitheamh i Meiriceá agus bhí scata máirseálacha breátha aige. Ba é Seán Coughlan is mó a chuir comhairle ar Mhaurice ó thaobh rithim agus stíl a chuid ceoil. Thugadh Seán stracadh don gceol chun béim a chur ar nótaí ar leith agus bhreá le Maurice an stíl sin. Deireadh sé leis na haon nóta a tharrac amach, gan aon cheann acu a shloigeadh, aga

a thabhairt don steipeadóir agus gan lucht seite a chur dá mbuille. Chomhairligh sé dó chomh maith gan aon dhá pháirt den bport a sheinnt mar a chéile; casadh nó ornáidíocht éigin a bheith sa tarna páirt i gcónaí. Lean Maurice an chomhairle sin go dílis ar feadh a shaoil agus is iomaí sampla don stíl shuaithinseach seo atá le clos ina chnuasach ceoil.

Fear mór amhrán ab ea an Cuinneach chomh maith. Amhráin na háite ba mhó gan dabht – *Ceaití, Raca Breá mo Chinn, Cuan Mhíl Ínse, An Spealladóir* ina measc. Chuala sé *An Spealladóir* á chanadh ag Seán Ó Siocháin ar Raidió Éireann tráth agus thug leis ina cheann é. Déarfainn nach bréag a rá gur aige atá an t-aon leagan Gaolunne den amhrán *Boulavogue*, leagan a d’fhoghlaim sé ó Ellie Keane, máthair Chaoimhín Uí Chinnéide agus í á mhúineadh i Scoil Naomh Eirc. Deireadh sé fhéin agus a chara buan Pat Chonair, Bhaile Dháith. *Amhrán an Láir* i dteannta a chéile go minic. Amhrán é sin a chum Brandon Bhaile Dháith, nó “File Bhaile Dháith” mar a thugtaí air. Amhrán deisbhéalach é atá lán le clisteacht focal agus fílfocht, agus bhaineadar beirt cáil amach ag ‘ballnights’ agus gach ré véarsa á rá acu!



An Cuinneach san Ionad

D'fhan Maurice ag foghlaim ceoil ar feadh a shaoil. Is beag ócáid ná gur sheinn sé don bpobal. Chuir sé a chroí agus a anam i ngach aon ócáid acu, ins na haon phort, pólca, sleamhnán, cornphíopa agus seana váls a sheinn sé. Bhí sé ildánach mar cheoltóir – an t-orgán béil, an veidhlín, an fheadóig stáin agus gan dabht an bosca ceoil féin. Ach ní ghá do aon cheann de na húirlisí sin dá mbéarfadh air – sheinneadh sé poirt ar raca gruaige agus píosa páipéir chomh maith agus ba mhinic a dhein! Deireann Mom i gcónaí gur mhair sé ar mhaithe leis an gceol agus gur minic a bheadh sí ag eachtraí scéil éigin dó agus ná cloiseadh sé focal dá mbeadh sí ag rá dá ráineódh sé go mbeadh ceol ar an raidió agus í ag caint leis. “Cad é sin a dúirís, a Pheig?” an cheist ba choitianta a bhíodh le clos ag baile sa tigh. Peig ag cur aisti, ach Maurice ag tabhairt cluais don gceol...

Roinn agus riar Maurice a chuid ceoil go fial flaithiúil ar feadh a shaoil. Bhreá lena chroí ceoltóirí óga agus is é bhí foighneach leo. Is mó veidhlín agus ceol nua a bhris sé isteach do cheoltóirí óga agus is mó port a mhúin sé dóibh. Sin ceann de na cúiseanna go mbeartaíomar mar chlann a chnuasach ceoil agus amhrán a bhronnadh ar Ionad an Bhlascaoid Mhóir i mblíana. Shocraíom tar éis a bháis i nDeireadh Fomhair na bliana 2009, a chuid ceoil agus amhrán a bhailiú le chéile agus táim thar a bheith buíoch as gach éinne a tháinig i gcabhair orm agus mé i mbun an chúraim. Ba ón bpobal a fuair An Cuinneach a chuid ceoil agus amhrán, agus is i seilbh an phobail a cheart an cnuasach seo a bheith. Tugaimíd cuireadh don bpobal cluais a thabhairt

do na nótaí saibhre ceoil, do na hamhráin agus don dheisbhéalaíocht cainte atá sa chnuasach. Is leis an bpobal an ceol anois agus is onóir dúinne mar chlann é an cnuasach a bhronnadh ar Ionad an Bhlascaoid Mhóir agus ar an Stát. Táimid ana bhuíoch do Mhicheál agus Daithí de Mórdha agus do fhoireann an Ionaid as ucht glacadh leis an gcnuasach saibhir, luachmhar seo. Mar fhocal scoir, fágfad sibh le achoimire beag ar cérbh é An Cuinneach...

An Cuinneach

Fear caorach, fear cearca, fear capall is cránnta
 Fear coirce, fear cruaiche, fear cabhrach is cairdis
 Fear cleachtan, fear comharsan, fear cainte is cadarála
 Fear céile, fear clainne, fear cneasta, cineálta.
 Fear creidimh, fear caide, fear críostaíochta, coimeáдах
 Fear cnoc, fear coisíochta, fear Chorra na Gráige
 Fear ceanúil, fear croíúil, fear caipíní is fear ceoil
 Ar Dheis Dé thuas tá suite; inár gcroíthe beidh go deo.

Uaigh athchóirithe Neilí Ní Dhálaigh Uí Cheárna agus a mac, Seáinín 'Neain' Uí Cheárna, i Sean-Teampall Dhún Chaoin.

Do bheartaigh muintir Cheárna i Springfield, MA, athchóiriú a dhéanamh ar an uaigh sa Shean-Teampall i nDún Chaoin mar a bhfuil Neilí Ní Dhálaigh Uí Cheárna agus a mac, Seáinín 'Neain' Ó Ceárna curtha.

Is é mac Neilí agus deartháir Sheáinín, an Dr. Mícheál Ó Ceárna, a rinne na socrúithe agus is dealbhóir óg ó Bhaile na Saor, Abhainn na Scál, Malcolm Curran a rinne an saothar. Bhí Neilí, Dálach ó Chom Dhíneoil, pósta le Seán Tom Ó Ceárna, duine de shaoithe an Bhlascaoid.

Thug an Dr. Mike agus baill eile ón teaghlach cuairt ar an uaigh athchóirithe le linn Cheiliúradh an Bhlascaoid na bliana seo agus bheannaigh an tAth. Tomás Ó hIcdeadha an uaigh.

D'éag Neilí agus í ina bean óg agus d'fhág sí muirear óg ina diaidh. D'éag duine acu sin, Seáinín, go



tragóideach le meiningíteas ar an oileán Mí Eanáir 1947 is gan é ach 26 bliain.

Tá cuntas ar an tragóid sa leabhar *Hungry for Home – Leaving the Blaskets*

le Cole Moreton agus i *Scéal agus Dán Oileáin* (Taoide Aife – Oidhe Chlainne Sheáin Team) le Mícheál de Mórdha.

Maolsheachlain Ó Catháin

1941 – 2014

Breandán Feiritéar

Deirtear gur bean de na Béithe, bhí naonúr díobh ann, a thugadh spreagadh, tinfeadh nó inspioráid do lucht éigse agus ealaíne sa saol Gréagach agus sa tsaoil éigse Rómhánach. Tharraingíodh an t-uaigneas agus an iargúiltacht cuisle na filíochta anuas ar dhíthreabhaigh i seansaol ársa na nGael. Thuirlingíodh an Spiorad Naomh ar lucht creidimh le hinspioráid diaga. Ba leor d’Fhionn Mac Cumhaill cogaint a ordóige agus bheadh fios fiaich agus feannóige aige. Ba spreagadh an Dúthaigh Duibhneach féin go háitiúil agus a chnoicíní gearra fraoigh le inspioráid bhéarsaíochta a scaladh ar fhilí, ar údair agus ar oileánaigh na barúntachta féin. Ach féach mar a bhí Búndún Mhóire féin agus an pobal a chónaigh ann mar spreagadh agus mar inspioráid ag an iliomad bard, baillitheoirí seanchais, ceapadóirí, scoláirí pinn agus ag fiagaithe fáin eile a tháinig thar Ghleann na nGealt anoir agus a chualair “an dúthaigh seo ag rá rud éigin!”

Bhí tarrac ag an dúthaigh seo thiar ar Mhaolsheachlain Ó Catháin. B’fhéidir gur briseadh dúchais a mhuintire féin ón dá thaobh trína shúile an tarrac san i ngan fhios dó. Ba mhacsamhail an saol a bhí i gCorca Dhuibhne sna caogadaí agus an saol gur fáisceadh athair Mhaolsheachlain as i Mainistir Leath



Maolsheachlain lena bhean, Aine

Rátha i gContae Longphoirt i dtús an chéid. Ón taobh eile, b’é Cúil Aodha fód dúchais a mháthar agus lena shaíocht a oileadh í. Ní hiontas mar sin go raibh sé “ag gabháil faobhar na faille siar tráthnóna gréine” i ndeireadh na gcaogadaí, agus é fós ina mhac léinn in Ollscoil Chorcaí, nuair a bhuail Kruger go cinniúnach sa Daingean leis. Buachail ag lorg máistir agus máistir ag lorg buachalla! Bhí Céit ar saoire de réir dealraimh agus bhí, dá réir sin, buachailleacht le déanamh ar a bóin siúd agus ar thábhairme Kruger! Ach bhí an Uimhir Dhé agus an Modh Foshuiteach ag ráthaíocht thiar fé sholas an tráthnóna agus fuair an Cathánach síob siar agus lóistín seachtaine i mBaile na Rátha mar íocaíocht ar a chuid buachailleachta.

Ba mhinic trácht ag Maolsheachlain thar sheachtain seo Kruger. Ní hamháin go bhfillleadh sé arís, ach bhéarfadh sé leis anoir a mhuintir féin, a chéile nuair a cheangail agus a cheathrar muirir de réir

mar a ráinigh. Bhí aghaidh a mharthana siar, cé go raibh sé gníomhach go maith sa saol thoir i gCorcaigh, ní amháin ina chuid oibre ach i saol Gaelach Chorcaí agus go háirithe i gcúrsaí eagrúcháin drámaíochta. Ba ghearr, áfach, go raibh nead sa saol thiar aige agus ag a chlann ag Tobar na gCiaróg – a nualainn acu le cnoc agus a n-aghaidh ar na hoileáin siar. Ní tríd an bhfuinneog amach amháin ag féachaint uaidh a bheadh sé ar an saol thiar. Bhí sé chomh páirteach i saol an phobail agus a bhí aon bhall eile agus chrom sé agus liathaigh sé leo, a chearca farae cearca an bhaile agus cearca an bhaile faró. D’ól sé scíobais farae oileánaigh, phléigh sé goirt le lucht talún agus dhein allagar spóirt le buachailí báire. Chláraigh sé tithe agus talamh agus bhreac síos uachtanna. Ní hiontas gur thug Seánín Mhicil Ó Súilleabháin “An Cunsailéir” air.

Is mó buille a chuir sé i naomhóg so Fhondúireacht an Bhlascaoid. Chreid sé sa bheartas roimh scata agus cheap ó thús gurbh iontach an fiontar é le bratach ár saíochta a chur ar foluain. Is iomdha comhthlán, cúirt agus cruinniú a fhreastail sé ar son na cúise sin agus ba uaidh a tháinig an coincheap fondúireacht de réir dlí agus reachta a dhéanamh as an eagraíocht sular tháinig aon Acht Dála a chuirfeadh an tIonad ar bun.

*Má mhúchann bladhm bhur lasrach
Lá codlata i nDún Chaoin,
Ní iomlánófar lasracha
Tá easnamhach dar linn,
A bhuíon ionmhain chuir os
ár gcionn an díon.*

— Seán Ó Riordáin.



THE LONELIEST BOY IN THE WORLD

Gearóid Cheaist Ó Catháin with Patricia Ahern
The Collins Press, 2014

Léirmheas: *Feargal Mac Amhlaoibh*

Bhí cloiste agam go minic faoin eachtra a tharla in 1949 agus a chuir Gearóid Cheaist Ó Catháin sna cinlíne ar fud an domhain mar “an leanbh is uaigní ar domhan”. Is minic ó shin in altanna éagsúla go raibh tagairt déanta dó, ach is a mhalairt a bhí an scéal i ndáiríre. Bhí sé thar am, mar sin, go n-inseofaí an scéal ag Gearóid féin – “oileánach i measc slua”. Tá san déanta anois aige go hoscailte le foilsiú a leabhair, *The Loneliest Boy in the World*, le cúnaimh Patricia Ahern.

D’eascair an leabhar as agallamh a dhain sé le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha ar *Cómhrá* de chuid TG4 nuair a chonaic Patricia é agus a spreag í chun Gearóid a ghríosadh tabhairt faoin scéal a chur ar pháir. Seoladh an leabhair go háitiúil i dTigh Uí Chatháin ar an mBuaitín le linn Cheiliúradh an Bhlascaoid ar 27 Meán Fómhair na bliana so.

Agus mé i mbun mo chuid oibre laethúil ag cur críoch le leagan amach leabhar an tSeabhaic (Pádraig Ó Siochfhradha), *Beir Mo Dhúthracht*, i bhfómhar na bliana so, rith sé liom cé chomh cosúil is a bhí an dá scéal. Beirt ag cur síos ar a n-óige, a dteaghlach, cúrsaí oideachais, a gcomharsain, a gcairde, feirmeoireacht, iascaireacht, imeachtaí chaithimh aimsire agus ceol – stair shóisialta fíor-spéisiúil ó bheirt Dhuibhneach le cúpla ghlúin eatarthu ach an meas thar meoin acu ar a muintir is a ndúthaigh. Murach san, ní bheadh na leabhair ann.

Stair shóisialta atá sna leabhair ar fad, beagnach, ón mBlascaod – na leabhair mhóra, *An tOileánach* agus *Peig*, lonnaithe ar an Oileán; cuid eile a chlúdaíonn an saol oileánda agus an saol lasmuigh – *Fiche Bliain ag Fás*, mar shampla, agus *From the Great Basket to America* ag Maidhc Ó Cearna. Ach sa chás so, tugann Gearóid cur síos beacht pearsanta ar thréigean an Oileáin agus an tslí gur chuaigh san i bhfeidhm ar an bpobal agus air féin nuair a bhog a bhformór go Dún Chaoin.

Tosaíonn Gearóid amach lena



Gearóid lena dheirfiúr Áine Cheaist Uí Laoithe ag Ceiliúradh an Bhlascaoid 2014.

chuumhní agus é ag fás suas ar an mBlascaod gan comhlúadar dá aois féin aige ach daoine fásta, cuid acu críonna go maith. Ba léir go bhfuair sé tuiscint ar chúrsaí an tsaol i bhfad níos luaithe ná leanaí ar a chomhaois agus, dá bhrí sin, go raibh sé in ann as sin ar aghaidh machnamh níos doimhne a dhéanamh ar a shaol féin, ar a mhuintir agus ar an ndomhan mór a bhí i ndán dó nuair a bhog sé go dtí an mhíntír i 1953. Níor dhain sé aon idirdhealú idir daoine fásta agus daoine óga. Fiú, tar éis a chéad lá scoile i nDún Chaoin, dúirt sé lena mháthair ar theacht abhaile dó, go raibh an scoil “lán le daoine beaga críonna”! B’ionann dó agus gach éinne sa phobal. Agus is léir gur ghlac an pobal leis an ndearcadh so aige mar bhí sé in ann dul i mbun chomhrá le héinne, bíodh san na leanaí ar chomhaois leis i nDún Chaoin, Kruger féin, Risteard Ó Glaisne nó Seán Ó Ríordáin.

Duine eile nár dhain aon idirdhealú idir óg is críonna ab ea a uncail, Seán Faelí Ó Catháin, an duine sa chlann ab ansa le Gearóid. Ní haon ionadh san, mar bhí samhlaíocht ar leith ag Faelí a bhí soiléir d’éinne a chuir aithne air agus atá le feiscint ina leabhar féin, *Seal le Faeilí*. Ach chuaigh a bheirt aithreacha críonna i bhfeidhm go mór air chomh maith, ag súgradh leis, á chomhairle agus á mhealladh le

linn a óige, gan trácht ar a thuismitheoirí grámhair, Seán Cheaist agus Bídí.

Leabhar taitneamhach tarraingteach soléite isea *The Loneliest Boy in the World* go bhfuil idir shúgradh is dáiríre ann. Tá sé scríte ag an duine deireanach a saolaíodh ar an mBlascaod agus seans gurb é an leabhair deireanach, leis, a scríobhadh ag Oileánach. Bíodh is gur i mBéarla atá sé scríte, d’fhan Gearóid dílis d’ainmneacha na ndaoine, na logainmneacha agus do théarmaí áirithe chomh cruinn sin, gur chuma leat cén teanga ina bhfuil sé ach tú gafa le hinsint an scéil ina iomlán.



Gearóid lena athair críonna, Maras Mhuiris Ó Catháin, i nDún Chaoin.

Baill na Fondúireachta • Members of Foundation

Bíonn An Caomhnóir á dháileadh tríd an bpost go baill na Fondúireachta agus an costas clúdaithe lena dtáille ballraíochta.

Ar eagla go bhfuil dearmad déanta ag daoine maidir le táille bliantúil ballraíochta a dhíol, seo thíos a leanas na baill atá díolta suas go 8 Samhain 2014:

An Caomhnóir is dispatched to members of Fondúireacht an Bhlascaoid, the cost of which is covered by their membership

As some may have forgotten to update their yearly membership, below are listed members who have paid up to 8 November 2014:

Allen, Frank.

Brangan, Carolín, 17 Balally Drive, Dundrum, Dublin 16.
Breathnach, F., 7 Butterfield Orchard, Rathfarnham, Dublin 14.
Brett, John P., 488 Old Main Street, Rocky Hill, CT 06067, USA.
Brugha, Máire & Traolach, Bun na Fána, Baile na Rátha, Dún Chaoin.

Coláiste Mhuire Gan Smál Ollscoil Luimnigh, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.

Connolly, Martin, Office of Public Works, Trim, Co. Meath.

De Belder, Hans, Koningin Astridland, 492, 1950 - Kraainem, Belgium.
de Bhailís, Pádraig, Janemount House, Corbally Road, Corbally, Limerick.

de Priondargást, Proinsias, "Avondale", Bóthar na Creatalaí, Páirc Chloiche an Mhaoir, Luimneach.

Dollard, Ciarán, 32 Ardáin Bleinheim, Port Láirge.

Firtéar, Muiris & Bernie, Fán, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí. Flower, Ann, 66 Harrisons Lane, Ringmer, East Sussex.

Flower, Mrs Jane, No 1, The Martletts, Ringmer, Nr Lewes, East Sussex.

Foley nee Keane 'Buffer', Gertie, 50 Grange Wood, Rathfarnham, Dublin 16.

Frost, Eithne, 34 Páirc Grosvenor, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6.

Gaelachas Teo, Gleann Maghair, Co. Chorcaí.

Granville, Gary, An Buailtín, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Guiheen Kenny, Carmel.

Harrington, Patricia, 22 The Grove, Broadale, Douglas, Cork.

Higgins, Joe, T.D. Dáil Éireann, Baile Átha Cliath 2.

Keane Ó Catháin, Pádraic, Ballincar, Rosses Point Road, Sligo.

Kerwick, Moss, Rockhill, Brureen Co. Limerick.

Kimber, Daithí, 39 Faiche an Ghrágáin, Port Láirge, Co. Phort Láirge.

Kissane, Eileen.

Leabharlann Chiarraí, Tobar Muí Doire, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Mac Amhlaigh, Liam, 178 Caisleán Réagóige, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 14.

Mac Amhlaioibh, Feargal & Áine, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Mac Aogáin, Eoghan, 18 Br Chárthaigh, An Chabrach, Baile Átha Cliath 7.

Mac Domhnaill, Marcas & E. Ní Laoithe, Baile na hAbha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Mac Gearailt, Séamus, Cillín, Páirc na Dara, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Mac Síthigh, Domhnall & Máire, Baile Eaglaise, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

McNally, Sheila B., 28 Linnard Road, West Hartford, CT 06107, USA.

Magan, Cróine, 14 Ascaill Carlisle, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Mannion, John, Lakeside Park, Loughrea, Co. Galway.

Matson, Leslie, Newtown Villa, Port Láirge, Co. Phort Láirge.

Muckross House, Trustees of, Killarney, Co. Kerry.

Murphy, Úna, 26 Chemin Des Jargillieres, 01210 Ferney, Voltaire, France.

Ní Bheaglaioich Uí Shé, Máire, Liosnagroí, Caisleán an Ghriaghre, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Bheaglaioich, Máire Úna, Aonach Mhargadh na Feirme, BÁC 7.

Ní Bhriain, Doireann.

Ní Bhroin, Máirín, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Chaomhánaigh, Caitlín, 2 Garrán an Ghoirt Áird, Cathair Sailí, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Chinnéide, Lelia, 7 Whitechurch View, Rathfearnáin, Baile Átha Cliath 16.

Ní Chinnéide Mhic Gearailt, Sighle, "Dúinín", 7 Páirc na Coille, Baile Átha Cliath 14.

Ní Chinnéide, Mai, "Dún an Óir", Roscré, Co. Thiobrad Árann.

Ní Chinnéide, Neasa.

Ní Conchubhair, Máire, 64 Belgard Downs, Br Bhaile an Róistigh, Corcaigh.

Ní Dheaghaidh, Christina.

Ní Dhubhda, Rose.

Ní Mhaonaigh, Tracey, Roinn na Nua-Ghaeilge, OÉ Má Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara.

Ní Mheadhra, Dáirine, 134 Pearson Avenue, Toronto, Ontario, Canada M6R 1H5.

Ní Mhoitleigh, Colette, 47 Ascal Rath Gearr, Baile Átha Cliath 6.

Ní Mhurchú, Caitriona.

Ní Rónáin, Máire, Kyleatunna, Cill Mháile, Inis, Co. an Chláir.

Nolan, Martin.

Ó Bambaire, Séamus, Bóthar an Phóist, Daingean Uí Chúis.

Ó Braonáin, An tAth. Pádraig, 13246 Semora Place, Cerritos, CA 91703 U.S.A.

Ó Braonáin, Anraí, 10 Ardán Waltham, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.

Ó Braonáin, Seán, 92 Br. San Labhras, Cluan Tarbh, Baile Átha Cliath 3.

Ó Broin, Antoine, Kilrane, Co. Wexford.

Ó Brolcháin, Fionnbarra, 2 Plásóg an tSrutháin, Ascaill Chnoc, Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.

Ó Buachalla, Aingeal, 33 Cnoc na Sí, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.

Ó Cadhla, An tAth. Eoghan, Tigh an tSagart, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Cathail, Bob, Baile an tSléibhe, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Catháin, Colm, "Fionntrá", 78 Rush Road, Skerries, Co. Dublin.

Ó Catháin, Gearóid, 6 Plasóg Delaford, Cnoc Lín, Baile Átha Cliath 16.

Ó Catháin, Leachlainn & Áine.

Ó Ceárna, An Dr. Mícheál, 133 Appleblossom Lane, East Longmeadow, Mass 01028 U.S.A.

Ó Céileachair, Lís & Donncha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Céileachair, Seán, 7 Cúirt Vernon, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3.

Ó Cinnéide, Lorcán, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Cinnéide, Mícheál, "Ghantry", Ballysampion, Killinick, Co. L. Gorman.

Ó Coileáin, Seán, Scoil na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ó Conaill, Mícheál & Cecilia.

Ó Conaire, Breandán, 265 Ascaill Chrann Teile, Martello, Port Mearnóg, Co. Átha Cliath.

Ó Conchubhair, Dónall, 20 Meadowvale Close, Raithín, Co. Luimnigh.

Ó Conchúir, Boscó, Cill Chúile, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Cruaioich, Gearóid.

Ó Dónaill, Caitlín & Seán, 37A Faiche an Ráschúrsa, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Fiannachta, An tAth. Pádraig, An Sagart, An Díseart, An Daingean.



Ó Gallchobhair, Breandán, An Léada Mór, Cill Alaidh, Co. Mhaigh Eo.
 Ó Gréacháin, Dónal, Tiaracht, 24 Ferndale, Ennis Road, Limerick.
 Ó hAllmhuráin, An tAth. Raphael, Blessed Sacrament Chapel, 20 Batchelors Walk, Dublin 1.
 Ó hAllmhuráin, Seán, 4 Ascaill Bhríde, An tSr. Nua, Luimneach.
 Ó Héalaí, Pádraig, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
 Ó hOsain, Mícheál, Doire Thuaidh.
 O'Keefe, Fr John, O.F.M., Penitenzieri Lateranensi, Piazza San Giovanni in Laterano, 4 00120, Citta Del Vaticano, Roma, Italy.
 Ó Laoghaire, Gearóid, Clogherbrien, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Ó Laoithe, Seán, Coarliss, Rathluirc, Co. Chorcaí.
 Ó Lorcáin, Uilliam, 2 Westwood Gardens, Kinsale, Co. Cork.
 Ó Maoileoin, Caitlín & Noel, Na Gorta Dubha, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Ó Mathúna, Pádraig, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Ó Muircheartaigh, Tomás, Brí, Inis Corthaidh, Co. Loch Garman.
 Ó Murchú, An tAth. Pádraig, 39-6 Ma Reuk Dong, Kwangju, Korea.
 Ó Murchú, Breandán, 18 Janeville, Bóthar na Carraige Duibhe, Corcaigh.
 Ó Murchú, Ciarán & Máire, Tearmann, Baile na hAbha, Dún Chaoin, Co. Chiarraí.
 Ó Murchú, Labhrás, An Bóithrín Glas, Caiseal Mumhan, Co. Thiobraid Árann.
 Ó Murchú, An tOir. Liam, 2 Cathedral Place, Killarney, Co. Kerry.
 Ó Riain, Pádraig, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
 Ó Scanaill, Mícheál, Sliabh Riabhach, Baile Mhúirne, Máigh Chromtha, Co. Chorcaí.
 Ó Sé, Tomás.
 Ó Siochrú, An tAth. Pádraig, Máistir-Gaoithe, Uibh Ráthach, Co. Chiarraí.
 O'Shea, Patrick, Shelton, Arklow, Co. Wicklow.
 Ó Snodaigh, Pádraig, Coiscéim, 91 Br. Bhinn Éadair, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13.

Ó Súilleabháin, Seosamh, 5 An tArd, Baile an Easpaig, Corcaigh.
 O'Sullivan, Breeda, Dundullerick, Leamlara, Co. Cork.
 Oman, Peadar, 18518 Morris Avenue, Homewood, IL 60430-3632, USA.

Ploszay, Mary K., 44 Woods Way, Newington, CT 06107, USA.

Ruiséal, Pól, Stiúrthóir, Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Stack, Pearl & Máire, 2 Ferndene, Greenville, Lios Tuathail, Co. Chiarraí.
 Stagles, Ray, 6 Salisbury Close, Wokingham, RG41 4AJ, U.K.

Ua Cearnaigh, Seán, Ard Aoibhinn, Gort na Silíní, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman.

Uí Aimirgín, Nuala, 24 Páirc Moyola, Caisleán Nua, Gaillimh.
 Uí Ainiféin (Kenny), Maeabh, An Cheathrú, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Uí Ainín, Máire, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Uí Bhuachalla, Caitlín Bn.

Uí Chatháin, Nóirín, Seoid, Bóthar na hAille, Baile an Bhuineánaigh, Co. Chiarraí.

Uí Chinnéide, Edna, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Uí Choileáin, Máire, Clochar na Toirbhirte, Dúrlas Éile, Co. Thiobraid Árann.

Uí Cholmáin, Maedhbh, 4 Ascal na hUamha, Baile an Bhóthair, Co. Átha Cliath.

Uí Fháinnín, Máirín, Dubhadh, Droichead Átha, Co. na Mí.

Uí Mhurchú, Máire, 14 Carraigín Dhónaill, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Uí Réagáin, Áine, 53 Estát Uí Mhúscraí, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí.

Ware, Séamus, 13 Beithe Geala, Lána Beithe, Dún Droma, B.Á.C. 14.

Tá foim iarratais ar bhallaíocht agus clúdach faoi iamh san eagrán seo. Is eagraíocht dheonach charthanachta í Fondúireacht an Bhlascaoid a bhíonn ag brath an an bpoibál.

An application for membership with return envelope is included in this edition. Fondúireacht an Bhlascaoid is a non-profit charitable organisation which depends on public support.



Leanaí Scoil Dhún Chaoin 2014

Sa chúrla tá an dealbh den Mhaighdean Mhuire a tugadh ón Oileán tar éis é a thréigean. Bhí an-ómós ag muintir an Bhlascaoid don dealbh chéanna – istigh agus amuigh.



Donogh Hennessy agus Lumière (Eilís Ní Chinnéide agus Pauline Scanlon) ag faire ar Dave Geaney i mbun a cheird san Ionad le linn Féile Scannánaíochta an Daingin, Márta 2014.



“Tá súil againn nach uaineoil atá ar an mbiachlár ag Christy inniu,” dá mbeadh caint acu, is iad ag breithniú uathu isteach trí fhuinneoga na bialainne san Ionad.

Pic: Christy Mac Gearailt.



An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, i mbun cainte le pobal Chorca Dhuibhne, Deireadh Fómhair 2014.



Grúpa ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh a fhreastail ar Cheiliúradh an Bhlascaoid 2014.

Ó chlé: Alicja Mańkowska, An Dr Jeannine Woods, An Dr Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Eilís Ní Dhúill, An Dr Ríona Ní Fhrighil agus An Dr John Walsh.

Leabhair a seoladh le linn Cheiliúradh an Bhlascaoid 2014

